

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



# PLEAN CORPARÁIDEACH
# 2014 –2019

**Ceadaithe ag comhaltaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an 8 Nollaig, 2014**

## RÉAMHFHOCAL



Táimid sásta Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don tréimhse 2014-2019 a chur i láthair agus sin ag rith le téarma cúig bliana na Comhairle a toghadh le déanaí. Leis an bPlean seo, arna ullmhú ag Comhchoiste a bhí comhdhéanta de chomhaltaí an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus d'oifigigh de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, leagtar amach croíluachanna, agus príomhchuspóirí na Comhairle Cathrach agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach thar shaolré an Phlean. Soláthraítear leis freisin creat oibre straitéiseach ina bhféadfaidh na comhaltaí tofa agus an fhoireann in éineacht oibriú le chéile chun na cuspóirí sin a bhaint amach le haird ar ráiteas misin agus ar chroíluachanna na heagraíochta.

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe raon leathan seirbhísí ar fáil do shaoránaigh, do chuairteoirí agus do ghnólachtaí na Gaillimhe agus leanfar ag iarraidh feabhas a chur ar sheachadadh na seirbhísí sin laistigh de na constaicí buiséid náisiúnta agus áitiúla. Tá dúshláin amach romhainn. Agus níos lú acmhainní daonna agus airgeadais ar fáil, tugtar ar aird sa Phlean Corparáideach an gá atá le freagra comhordaithe ar réimsí seirbhíse agus an gá atá le feabhsúcháin éifeachtúlachta a aithint chun a chinntiú go ndéanfar seirbhísí a sheachadadh ar chostas éifeachtach laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.



Maidir leis na nithe atá bainte amach againn go dtí seo, i mbliana bronnadh Mion-Chathair Eorpach na Bliana orainn agus bronnadh ainmniúchán mar Chathair Scannán UNESCO ar Ghaillimh, ba mhian linn buíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Tofa dá dtacaíocht agus le foireann Údaráis Áitiúla na Gaillimhe dá n-iarrachtaí oibre tiomanta go leanúnach. Is tríd an gcomhoibriú leanúnach tairbheach sin a fhéadfaimid a chinntiú go gcomhlíonfar na dúshláin atá romhainn agus go n-éireoidh linn ár seirbhísí a sheachadadh do shaoránaigh na cathrach ar an tslí is fearr is féidir chun na tiomantais sa Phlean Corparáideach a chomhlíonadh.

Mar chomhairle, táimid tiomanta do chur chuige idirghníomhaireachta chun cur an méid agus is féidir le seachadadh éifeachtach ar sheirbhísí agus bainfear leas as na hacmhainní go léir atá againn chun cumas Chathair na Gaillimhe mar áit den scoth le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus le hinfheistiú ann a chumhachtú agus a fhorbairt. Creidimid go bhfuil na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean réasúnach agus indéanta araon agus tá comhaltaí na Comhairle agus an fhoireann araon tiomanta na dúshláin sin a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil, uilechuimsitheach agus daonlathach. Ullmhófar pleananna oibríochta bliantúla do gach réimse gníomhaíochta chun buntaca a thabhairt do na cuspóirí seo agus leis na pleananna sin déanfar monatóireacht agus tomhas ar ár ndul chun cinn ó thaobh chomhlíonadh na gcuspóirí sin.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le gach duine a chuidigh chun an Plean seo a chur le chéile agus táimid ag súil go mór a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann lena chur i bhfeidhm.

**An Comhairleoir Donal Lyons: Méara Chathair na Gaillimhe**

**Brendan McGrath: Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

## RÉAMHRÁ

**Is í Cathair na Gaillimhe Cathair na dTreabh agus an geata chuig Iarthar na hÉireann.**
Suite ar chósta Chuan na Gaillimhe tá Gaillimh ar imeall an Atlantaigh. Tá tírdhreach álainn Chonamara siar uait agus Loch Coirib ó thuaidh. Roinneann abhainn na Gaillimhe an chathair ar a bhfuil ainm na cathrach bunaithe (Gaill Aimh) agus tá roinnt canálacha agus traoth mhuilinn ar fud lár na cathrach atá ann ó tosaíodh i mbun tráchtála sa chathair na céadta bliain ó shin.

Leanann daonra buan an cathrach ag dul in airde, ó díreach os cionn 47,000 in 1986 go dtí 75,529 in 2011, agus tagann os cionn 20,000 cuairteoir agus mic léinn tríú leibhéal ar a bharr sin arís. Ní hamháin go léiríonn an fás sin an treocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh níos mó daoine a bheith ag cur fúthu i gcathracha ach léirítear go sonrach an dúil mhór a bhíonn ag daoine fanacht i gCathair na Gaillimhe, mar chathair chun a bheith ag staidéar ann, chun a bheith ag obair ann, chun teach ar cuairt ann agus chun maireachtáil ann. Léirítear freisin ról na Gaillimhe mar an phríomhchathair agus ionad seirbhíse do Réigiún an Iarthair. Le blianta fada anuas, lean an líon a bhí fostaithe sa chathair ag dul in airde sna réimsí a leanas, biteicneolaíocht, fearais leighis, seirbhísí na teicneolaíochta faisnéise agus bhí líon ard fostaithe freisin sa tseirbhís phoiblí, miondíola, sláinte, oideachais agus sna hearnálacha tráchtála agus fáilteachais agus chuidigh sin go léir chun deiseanna oibre a thabhairt do dhaoine sa réigiún. Tá ról tábhachtach ag suíomh na Cathrach ar imeall Chuan na Gaillimhe, lár báire ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus timpeallaithe ag tírdhreach den scoth agus áilleacht nádúrtha Chonamara, Loch Coirib agus an Boireann, ó thaobh na turasóireachta sa gheilleagar áitiúil, agus ba chóir níos mó leasa a bhaint as cumas na sócmhainní iontacha seo agus sin a dhéanamh ar shlí inbhuanaithe.

**Is cathair óg, bríomhar í Gaillimh.**
Tá beagnach 38,000 dalta agus scoláire i mbunscoileanna, in iarbhunscoileanna agus i scoileanna agus i gcoláistí breisoideachais agus tríú leibhéal ar fud na cathrach.

Bhí oideachas agus foghlaim mar chuid den chathair san am a caitheadh, tá tábhacht leo san am i láthair agus beidh tábhacht leo sa chathair sa todhchaí, agus cothóidh agus forbróidh sochaí na foghlama agus an eolais ár gcathair san 21ú haois. Tá an Chomhairle Cathrach ag obair le geallsealbhóirí eile lena chinntiú go mbeidh na líonraí, an bonneagar agus na bonnriachtanais eile de gheilleagar an eolais in áit.

**Is cathair bríomhar ilchultúir í Gaillimh**
De réir dhaonáireamh 2011, rugadh duine as gach cúigear de dhaonra na cathrach lasmuigh d'Éirinn. Leis an éagsúlacht sin soláthraítear deiseanna agus dúshláin do gach duine sa chathair. Tá an deis ann daoine ó chúlraí eitneacha agus náisiúnta eile a lánpháirtiú ar shlí idirchultúrtha inbhuanaithe i saol na cathrach. Is é an dúshlán atá ann pobail a chruthú a aithníonn éagsúlacht agus ag an am céanna atá sásta oibriú as lámh a chéile. Bíonn tionchar ag na dúshláin sin ar ghnéithe éagsúla d'obair na Comhairle Cathrach, lena n-áirítear na réimsí tithíochta, forbartha pobail, forbartha eacnamaíoch agus cuimsithe sóisialta.

**Is cathair chultúir agus chruthaitheach í Gaillimh.**
Le blianta anus, cuireadh le cáil na cathrach in Éirinn agus thar lear toisc ceannairí domhanda sna healaíona a bheith anseo mar Chuideachta Téatair Druid, Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe agus Macnas, agus féilte mar an Rás Aigéin Volvo. Cuireann ealaíontóirí físe, scríbhneoirí, ceoltóirí, déantóirí scannán, aisteoirí, léiritheoirí agus stiúrthóirí atá lonnaithe go háitiúil go léir le spraoi, atmaisféar, meascán eacnamaíoch agus dea-cháil an chultúir sa chathair. Tá tuilleadh a fhéadfar a dhéanamh áfach chun leas a bhaint as an gcumas cultúir cur go mór le saol na ndaoine go léir a chónaíonn nó a oibríonn sa chathair, agus sprioc straitéiseach é seo don Chomhairle sna cúig bliana atá amach romhainn.

**Is í Gaillimh príomhthiománaí eacnamaíoch an réigiúin.**

Tá geilleagar láidir nua-aimseartha agus éagsúil ar cheann de na nithe atá riachtanach chun go n-éireoidh go maith le cathair. Bronnadh ról ceannais ar an gComhairle Cathrach i gclár athchóirithe an Rialtais, "Putting People First" chun go n-éireoidh leo é sin a bhaint amach. Maidir leis sin, cuideoidh an Chomhairle Cathrach le seachadadh bonneagar ríthábhachtach fisiciúil agus sóisialta a bhíonn mar bhonn do ghníomhaíocht eacnamaíoch trí chomhoibriú le leasanna gnó, poiblí agus pobail araon, agus go háirithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe, chun anailís a dhéanamh ar chomhchodanna den gheilleagair áitiúil, chun ár n-iarrachtaí a stiúradh san áit a fhéadfaidh siad na torthaí is fearr a sheachadadh agus a chinntiú go bhféadfaidh Gaillimh fás eacnamaíoch a bhrú chun cinn ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus fanacht iomaíoch go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

D'athraigh an cúlú eacnamaíoch le déanaí agus an gearradh siar a rinneadh mar thoradh air ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar infheistíocht i seirbhísí poiblí, an tírdhreach ina mbíonn údaráis áitiúla mar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag feidhmiú ó bhonn. Tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann smaoineamh go straitéiseach, agus roinnt cinntí crua a ghlacadh maidir le conas is fearr úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun freastal ar riachtanais na cathrach. Beidh tuiscint chomhroinnte ar a bhfuil ag teastáil mar chuid lárnach dár straitéis, agus táimidne, comhaltaí agus foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, tiomanta oibriú le heagraíochtaí eile ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun a chinntiú go mbeidh Gaillimh ar an gcathair is fearr is féidir léi a bheith. Oibreoimid chun a chinntiú go mbeidh ardchaighdeán maireachtála ag gach duine inár gcathair, agus déanfar sin ar shlí oscailte agus thrédhearcach a bheidh freagrach do na daoine ar a mbímid ag freastal.

## RÁITEAS MISIN

"Oibriú le chéile mar Chomhaltaí Tofa agus mar Fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun an Chathair a fhorbairt agus a fheabhsú agus seirbhísí éifeachtúla a chur ar fáil do na daoine a mbímid ag freastal orthu, agus ar an tslí sin leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh Cathair na Gaillimhe tarraingteach, bríomhar agus taitneamhach le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann agus le cuairt a thabhairt ann".

## CROÍ-LUACHANNA

Tá ár gcroíluachanna bunaithe ar phrionsabail dea-rialtas áitiúil agus soláthraítear an bunús dár gcuspóiri agus dár ngníomhartha mar eagraíocht.

### Ceannaireacht dhaonlathach

Ionadaíocht a dhéanamh ar mhuintir uile na cathrach ar shlí oscailte agus trédhearcach agus ról ceannródaíoch na Comhairle Cathrach a choimeád agus a fhorbairt chun freastal ar na dúshláin atá roimh an gcathair agus sinn ag iarraidh caighdeán saoil níos fearr a chinntiú do gach duine a mbímid ag freastal orthu.

### Rialachas Corparáideach

Tiomantas d'oscailteacht, do chuntasacht agus d'ardchaighdeán rialachais corparáideach a chothú agus ardchaighdeáin iompair agus ionracas Chomhaltaí agus foirne a choimeád agus ar an tslí sin cultúr iontaoibh a chur chun cinn.

**Seirbhís phoiblí den Chaighdeán is Airde**

Seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir na cathrach ó fhoireann tiomanta, díograiseach agus nuálach.

**Éifeachtúlacht**

Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear gach seirbhís ar fáil ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de. Tá an Chomhairle Cathrach tiomanta don úsáid is mó is féidir as acmhainní agus do bhainistiú airgeadais iontaofa le haird ar na himthosca eacnamaíocha reatha agus an gá atá le tosaíocht a thabhairt do chroí-sheirbhísí.

**Comhpháirtíocht**

Comhpháirtíocht a chothú agus a fhorbairt le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha agus le pobail agus tionscnaimh á bhforbairt agus á gcur chun cinn agus cur an méid agus is féidir le hacmhainní agus infheistíochtaí don chathair.

**Uilechuimsitheacht**

Freastal ar gach duine sa chathair, meas a bheith ar gach duine sa phobal agus cathair uilechuimsitheach agus inrochtaine a chur chun cinn.

**Inbhuanaitheacht**

A bheith chun tosaigh ó thaobh fhorbairt inbhuanaithe na cathrach, feabhas a chur ar charachtar agus ar thimpeallacht uathúil na cathrach agus feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán saoil na saoránach le haird ar na dúshláin atá ann lena n-áirítear athrú aeráide agus riachtanais na nglúine atá amach romhainn.

**Cuntasacht**

Caithfear glacadh leis agus beartas poiblí á dhéanamh agus á fheidhmiú go bhfuil muidne, comhaltaí agus foireann na Comhairle Cathrach freagrach as ár gcinntí agus ár ngníomhartha.

**Comhionannas**

Iarracht a dhéanamh caitheamh go cothrom le cách a mbímid i dteagmháil leo, ach amháin má sholáthraítear sin faoin dlí, agus comhionannas deiseanna a chothú trínár mbeartais agus trínár gcláir.

**Meas a bheith againn ar ár bhfoireann**

Cultúr feidhmíochta, tiomantais agus dílseachta a spreagadh agus a aithint i measc na foirne, tacú lenár bhfórsa oibre i rith an ama athraitheach seo trí chláir oiliúna, forbartha agus cúnaimh a thabhairt dóibh agus timpeallacht oibre a choimeád ag gach tráth a spreagann agus a thugann tacaíocht don cheart dínit ag an obair.

## TIMPEALLACHT OIBRÍOCHTA

Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe údarás áitiúil Chathair na Gaillimhe. Soláthraítear raon seirbhísí, rialaítear gníomhaíochtaí áirithe, agus comhlíontar ról ionadaíoch tríd an bpróiseas daonlathach.

### Timpeallacht Inmheánach

Tá an Chomhairle comhdhéanta de Chomhairleoirí tofa agus d'fhoireann na Comhairle. Roinneann dlí an Rialtais Áitiúil feidhmeanna na Comhairle Cathrach sna feidhmeanna déanamh beartais sin atá forchoimeádta do Chomhairleoirí mar "fheidhmeanna forchoimeádta", agus feidhmeanna a bhaineann le riarachán agus le feidhmiú beartas a dhéanann an Príomhfheidhmeannach (nó oifigigh a bhíonn ainmnithe aige/aici agus ar a dtugtar "feidhmeanna feidhmiúcháin". Ní mór don Phríomhfheidhmeannach aird a thabhairt ar na beartais a dhéanann an Chomhairle tofa agus cinntí á ndéanamh.

Cé gurb é déanamh beartais ról na Comhairle Cathrach, breithníonn na cúig Choistí Beartais Straitéiseacha (S.P.Canna) de chuid na Comhairle forbairt beartais i réimsí a bhaineann le seirbhísí na Comhairle, agus déantar moltaí ar bheartais chuig an gComhairle iomlán lena mbreithniú agus lena gcinneadh. Tá comhaltas an S.P.C. comhdhéanta de Chomhairleoirí tofa agus leasanna earnálacha lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, daoine a bhíonn ainmnithe ag an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus leasanna iomchuí eile ag an leibhéal áitiúil. Ní mór gur comhalta den Chomhairle Cathaoirleach gach SPC agus tá an Grúpa Beartais Corparáideach (C.P.G.) comhdhéanta de na cúig Chathaoirleach agus an Méara.

Bíonn freagrachtaí feidhme áirithe na Comhairle á maoirsiú ag struchtúir mar an Coiste Iniúchta, Coiste Comhairleach Áitiúil do Chóiríocht an Lucht Siúil, agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, a bhfuil a gcomhaltaí comhdhéanta de Chomhairleoirí agus leasanna áitiúla eile. Déanann Comhairleoirí ionadaíocht ar an gComhairle ar roinnt coistí seachtracha freisin lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus an Comhchoiste Póilíneachta.

Déantar seirbhísí na Comhairle a sheachadadh trí roinnt Ranna feidhmeach (eg Tithíocht, Pleanáil), a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní ó na Seirbhísí Corparáide, HR, ICT agus Airgeadais. Is é an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí an príomhphointe teagmhála idir saoránaigh agus an Chomhairle.

Forbraíonn agus feidhmíonn an Chomhairle a mbeartais féin ach bíonn ról suntasach acu freisin ó thaobh fheidhmiú an bheartais náisiúnta, mar atá léirithe agus mínithe ag an Rialtas nó ag údaráis Stáit eile. Ina thaobh sin, éilítear ar an gComhairle cuntas a ghlacadh de raon leathan straitéisí, pleananna, treoirlínte agus ciorcláin ina leagtar amach mar a fheidhmítear beartais náisiúnta ag an leibhéal áitiúil.

Bhí tionchar suntasach ag an lagtrá eacnamaíoch ó 2008 ar aghaidh ar chumas na Comhairle a mandáid a sheachadadh, mar gur laghdaíodh leibhéil maoinithe agus foirne. Thug an Chomhairle aghaidh ar an gcás sin trína chinntiú gur coimeádadh na croí-sheirbhísí, trí na próisis agus struchtúir oibre a ailíniú le tosaíochtaí reatha, trí chleachtais oibre solúbtha agus trí éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach. Cé go bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch níos fabharaí anois, tá an bac atá ar earcú i bhfeidhm go fóill agus tá roinnt freagrachtaí breise leagtha ag clár an Rialtais d'Athchóiriú ar an Rialtas Áitiúil ar údaráis áitiúla. Ní mór don Chomhairle mar sin fócas a choimeád ar a chinntiú go bhfuil sé de chumas acu na cuspóirí atá léirithe sa Phlean seo a sheachadadh agus tá an méid sin ar a laghad tuillte ag an gcathair agus ag muintir na cathrach. Chuige sin, beidh níos mó fócais ar an ngá atá le hathrú eagraíochtúil agus an t-athrú sin a fheidhmiú i rith na tréimhse arna chlúdach ag an bplean seo.

### An Timpeallacht Sheachtrach

Leis an gcúlú eacnamaíoch facthas an gá atá ann do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus eile glacadh le cur chuige forghníomhach chun an geilleagar áitiúil a threisiú. Cé gur éirigh le nádúr éagsúil na

gníomhaíochta eacnamaíoch agus na hearnálacha seirbhísí láidre sa chathair a chur ar chumas na Gaillimhe fanacht láidir agus iomaíoch go heacnamúil, thástáil iarmhairtí an lágú eacnamaíoch an teacht aniar sin, go háirithe, an t-ísliú ollmhór ar éileamh baile agus an laghdú ar infheistíocht chaipitil. Tá ról lárnach sannaithe don Chomhairle Cathrach, agus pleanáil á dhéanamh maidir le forbairt eacnamaíoch na cathrach agus sin a stiúradh, agus beifear dírithe ar a chinntiú go gcinnteofar cumas eacnamaíoch na cathrach, agus go mbeidh beartas agus infheistíocht dírithe san áit is mó a mbeidh buntáiste le fáil.

Éileoidh ról na cathrach mar gheata náisiúnta agus mar phríomhchathair Réigiún an Iarthair go leanfar le hinfheistíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfostaíocht ardluach i réimsí mar theicneolaíocht leighis, biteicneolaíocht, agus ICT, agus i réimsí eile mar an turasóireacht a mbeadh buntáiste iomaíoch ag an gcathair ina leith. Éileofar freisin go mbeidh tacaíocht ann ón Rialtas náisiúnta don infheistíocht a bheidh riachtanach i mbonneagar réigiúnach. Beidh an tábhacht chéanna le hobair na hOifige Áitiúil Fiontair chun tacú le bunú agus le fás mionfhiontair agus seachadadh beartais agus gníomhartha a chruthóidh agus a éascóidh tuilleadh deiseanna d’fhostaíocht áitiúil.

Is acmhainn den scoth iad dhá choláiste oideachais tríú leibhéil láidir a bheith suite sa Chathair, iad araon ag tabhairt aitheantais do Ghaillimh mar chathair teagaisc, agus mar shócmhainn a fhéadfar a úsáid chun freastal ar riachtanais na cathrach. Áireofar inár gcur chuige chun na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean seo a bhaint amach comhoibriú breise idir na coláistí seo agus an Chomhairle.

Is údar ceiliúrtha é cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta na cathrach mar lárionad do na healaíona ach caithfear a bheith cúramach gan glacadh leis gur b’shin mar a bheidh mura mbreathnaítear romhainn. Féadfar leas a bhaint as an moladh cathair in Éirinn a ainmniú mar Phríomhchathair Cultúir na hEorpa chun forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar straitéis chun deiseanna a leathnú agus a fheabhsú do rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr, agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as an bpoitéinseal atá ag na healaíona agus an cultúr chun cur leis an ngeilleagar áitiúil.

Tá easpa sa soláthar tithíochta sa chathair de bharr easpa infheistíochta i dtithíocht sa chathair ó tharla an cúlú eacnamaíoch, d'fhág sin go bhfuil cíosanna ag dul in airde agus go bhfuil ardú ar an líon teaghlach atá sa tóir ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta. Chinntigh an Chomhairle go bhfuil talamh criosaithe oiriúnach ar fáil, agus oibreoimid leis an Rialtas agus le geallsealbhóirí eile chun aon bhearta breise a fheidhmiú chun cur leis an soláthar tithíochta.

Tá gá le hinfheistíocht i mbonneagar eile freisin; bealach eile trasna na hAbhann a sholáthar, tuilleadh infheistíochta i seirbhísí uisce agus fuíolluisce, agus déanfar cinntí tábhachtacha maidir le todhchaí Chalafort na Gaillimhe. Ina thaobh sin, is ionann an cuspóir uileghabhálach agus a chinntiú go bhféadfaidh an chathair fás agus forbairt ar shlí a bheidh inbhuanaithe agus a fhreastalóidh ar riachtanas na cathrach agus an réigiúin máguaird ar an tslí is fearr is féidir.

Ar ghné lárnach de chomh maith agus atá éirithe le Gaillimh go dtí seo tá fonn agus cumas gach ceann de na geallsealbhóirí áitiúla oibriú le chéile. Ina thaobh sin agus in ainneoin dul i léig struchtúir comhordaithe an Bhoird Forbartha Cathrach, tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán an ceannas a thógáil chun na príomhimreoirí go léir sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus pobail sa chathair a thabhairt le chéile chun an fhís seo do chathair rathúil a bhaint amach.

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

### Tithíocht

**Cuspóir:**

**Cóiríocht tithíochta oiriúnach a sholáthar agus seirbhís fhreagrach agus thacaíochta a sholáthar dóibh sin a bhfuil gá acu le tacaíocht tithíochta.**

**Tosaíochtaí:**

- Clár Caipitil Tithíochta a bhrú chun cinn i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Tithíochta 2014
- An Plean Cóiríochta don Lucht Siúil a bhrú chun cinn
- An Tionscadal don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a fheidhmiú
- Leanúint ar aghaidh ag laghdú an stoc tithíochta atá folamh ar fud na cathrach
- Iarmhéideanna caipitil tithíochta stairiúla a thabhairt chun críche agus a dhúnadh
- Measúnú ar Chíos Tithíochta a dhéanamh
- A chinntiú go dtugann ár straitéis tithíochta aghaidh ar riachtanais na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear daoine gan dídean agus daoine faoi mhíchumas.

### Iompar

**Cuspóir:**

**Líonra bóthair agus iompair a bheidh sábháilte agus éifeachtach a sholáthar, a bhainistiú agus a choimeád agus oibriú i gcomhar le soláthróirí iompair phoiblí agus gníomhaireachtaí eile chun beartais iompair lánpháirtithe agus inbhuanaithe a fhorbairt.**

**Tosaíochtaí:**

- Feabhsúcháin bainistithe tráchta agus soghluaisteachta a fheidhmiú ag áiteanna tosaíochta feadh na cathrach.
- Ísliú Bhóthar Loch an tSáile a shocrú
- Caighdeán dhroichid na cathrach a mheas, ag tosú le Droichead O’Brien agus Droichead na mBradán
- Bearta breise d'iompar inbhuanaithe a fheidhmiú, lena n-áirítear Scéim Roinnt Rothar agus tuilleadh áiteanna páirceála do Bhusanna Turais
- Clár leanúnach a sheachadh chun cothabháil agus cosaint a thabhairt don bhonneagar iompair
- Forfheidhmiú agus seirbhísí eile a dhéanann na Maoir Pobail a athbhreithniú
- Tosaíocht do shábháilteacht gach duine a úsáideann an bóthar a choimeád agus líonraí iompair na cathrach á mbainistiú agus á bhforbairt.

## Seirbhísí Uisce

**Cuspóir:**

**Comhoibriú le hUisce Éireann chun córas soláthair uisce agus córas bailithe/cóireála draenála, a bheidh ábalta freastal ar riachtanais baile, tráchtála agus tionscail ár dtomhaltóirí sa Chathair, a sholáthar agus a choimeád ar shlí inbhuanaithe.**

**Tosaíochtaí:**

- Seirbhísí uisce a sholáthair de réir an chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann
- Feidhmiú na dtionscnamh aistrithe atá beartaithe a bhainistiú agus acmhainní daonna agus airgeadais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chosaint ag an am céanna.
- A chinntiú go léireofar riachtanas na cathrach do bhonneagar uisce nua-aimseartha agus éifeachtúil i bpleananna seirbhíse Uisce Éireann.

## Pleanáil

**Cuspóir:**

**Córas pleanála fisiciúil a chur in áit a bheidh in ann freastal ar chuspóirí forbartha eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta inbhuanaithe don chathair.**

**Tosaíochtaí:**

- Seirbhís bainistithe forbartha éifeachtúil a sholáthair agus a chinntiú go gcomhlíonfar cóid agus caighdeáin phleanála.
- Pleananna ceantair a ullmhú, a ghlacadh agus a fheidhmiú, lena n-áirítear LAP na nArdán agus Plean Ceantair an Chaisleáin Ghearr
- Plean Forbartha Cathrach nua a athbhreithniú agus a ghlacadh.
- An oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú, trí leas a bhaint as scéimeanna mar Fhoirgnimh faoi chúram an Stáit, Scéim Tacaíochta Post san Oidhreacht Thógtha, bearta cosanta na Comhairle féin agus an Suirbhé Foirgnimh Tuí a fhoilsiú
- Taifead Struchtúir Cosanta a nuashonrú

## Comhshaol

**Cuspóir:**

**Timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú, cultúr saor ó bhruscar agus ó thruailliú a fhorbairt agus úsáid inbhuanaithe ár n-acmhainní a chur chun cinn.**

**Tosaíochtaí:**

- A dhaingniú go gcomhlíonfar gach reachtaíocht comhshaoil iomchuí.
- A chinntiú go mbeidh saoráidí líonadh talún agus athchúrsála na Comhairle ag cloí le riachtanais na gceadúnas.
- Oibreacha feabhsúcháin líonadh talún a thabhairt chun críche.
- Bainistiú agus seachadadh éifeachtúil agus inbhuanaithe sheirbhísí bhainistiú bruscair agus glantacháin a dhaingniú.
- Ról na Comhairle ó thaobh soláthar seirbhísí dramhaíola, múiríniú san áireamh, a athbhreithniú.
- Plean Bainistithe Bruscair 2014/2017 a ullmhú, a ghlacadh agus a fheidhmiú
- Beartas ar bhainistiú bruscair troscán sráide a fhorbairt
- Moltaí maidir le seirbhís bailithe boscaí bruscair a scrúdú agus a chur chun cinn
- Feasacht ar an gcomhshaol a sholáthair agus a chur chun cinn i scoileanna, in ionaid oibre agus sa phobal.
- Tionscadal um Chosaint an Chósta do Sháilín/Trá na gCeann.
- Plean do mheasúnú cáilíochta uisce ag tránna na cathrach a chur in áit de réir mar is gá.
- Leanúint ag obair le Comhairle Contae na Gaillimhe chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí coisc agus cosanta dóiteáin éifeachtacha ann don chathair.

## Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht

**Cuspóir:**

**Soláthar saoráidí caitheamh aimsire, áineasa agus taitneamhachta d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach aoisghrúpa agus feabhas a chur ar cháilíocht saoil ár saoránach agus ár gcuairteoirí araon.**

**Tosaíochtaí:**

- Tacú leis an gcóras bainistithe do pháirceanna trí bheartas a fhorbairt ar úsáid Pháirceanna agus Fodhlíthe.
- Pleananna a chur in áit do Chonraitheoirí Cathrach Bláthanna
- Tionscnaimh nua a phíolótú chun cothabháil Páirceanna a sheachadadh le haird ar luach ar airgead.
- Moltaí uasghrádaithe don Pháirc Theas a thabhairt chun críche agus a fheidhmiú.
- Tairiscint a dhéanamh ar an gClár Caipitil Spóirt agus sin a sheachadadh
- Socruithe bainistithe inbhuanaithe agus éifeachtacha a chur in áit dár nIonaid Pobail,
- Tabhairt chun críche Ionad Pobail Bhaile an Phobail a dhaingniú.
- An próiseas chun láithreán reilige a fháil a chur chun cinn.
- Measúnú agus gníomhú ar riachtanais d'athnuachan cheantar taitneamhachta Promenade Bhóthar na Trá.

## Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail

**Cuspóirí:**

**A chinntiú go bhfuil bonn eacnamaíoch láidir ag Gaillimh a thacóidh le caighdeán maith saoil do na saoránaigh chun forbairt inbhuanaithe an réigiúin a dhreasú.**
**Cur ar chumas ár bpobail go léir an méid atá ar a gcumas a bhaint amach, agus comhionannas rochtaine agus comhionannas deiseanna feadh na bpobal ar fad a chur chun cinn agus a éascú.**

**Tosaíochtaí:**

- An plean eacnamaíoch agus pobail áitiúil a ullmhú agus a fheidhmiú
- An straitéis eacnamaíoch a ullmhú agus a fheidhmiú i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Na hearnálacha a bhfuil cumas fáis agus fostaíochta acu a aithint tríd an straitéis agus leas a bhaint as acmhainní agus as beartais na Comhairle agus eile chun an cumas sin a bhaint amach.
- Buntáiste iomaíoch na Gaillimhe d’infheistíocht isteach a choimeád agus a chinntiú go mbainfear leas as buntáistí ón infheistíocht sin d’fhiontair áitiúla.
- A chur ina luí ar an Rialtas agus ar ghníomhaireachtaí Stáit eile, agus oibriú i gcomhar leo, chun an bonneagar riachtanach a sheachadadh chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.
- Forbairt Eacnamaíoch SPC agus LCDC a bhunú agus a chinntiú go mbeidh an LEO bunaithe mar is cuí.
- A chinntiú go gcuireann an Chomhairle cuimsiú sóisialta chun cinn trína mbeartais agus trína ngníomhaíochtaí.
- Leanúint ag cur Clár Aoisbhá na Gaillimhe chun cinn lena chinntiú go mbeidh daoine níos sine gníomhach sa saol eacnamaíoch, oideachais, sóisialta, cultúir, pobail agus i saol an teaghlaigh agus dlúthpháirtíocht níos fearr a chothú idir na glúine.
- A bheith chun cinn ó thaobh sheachadadh tionscnaimh a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch na cathrach [eg An Bhratach Chorcra]

## Cultúr

**Cuspóir:**

**Cur an méid agus is féidir le cumas na n-ealaíona agus an chultúir chun cur le caighdeán saoil gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa chathair agus a thugann cuairt orainn.**

- Tairiscint a ullmhú do Phríomh-Chathair Cultúir na hEorpa 2020
- Seasamh na Gaillimhe mar chathair dhátheangach a fhorbairt agus a fheabhsú
- Straitéis Ealaíona nua don chathair a ullmhú, a ghlacadh agus a fheidhmiú
- Plean straitéiseach 5 bliana don Mhúsaem a ullmhú, a ghlacadh agus a fheidhmiú
- Leibhéil áitíochta a fheabhsú agus saoráidí in Amharclann na Cathrach a uasghrádú
- Leibhéil áitíochta a fheabhsú agus saoráidí i saoráidí cultúir na Comhairle a uasghrádú.

## Airgeadas

**Cuspóir:**

**Cur an méid agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil do sholáthar bonneagair agus seirbhísí agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as na hacmhainní sin, buiséad comhardaithe a chinntiú agus na caighdeáin is airde cuntasachta agus ionracas airgeadais.**

**Tosaíochtaí:**

- Cur an méid agus is féidir le leibhéil bailithe ioncaim agus an cumas d'fhoinsí ioncaim eile a iniúchadh
- Cur leis na roghanna íocaíochta ar líne atá ar fáil dár gcustaiméirí
- Uasghrádú suntasach a fheidhmiú ar ár gCóras Bainistithe Airgeadais a fhágfaidh go bhfeabhsófar an fhaisnéis a bheidh ar fáil do rialú buiséid agus cinnteoireacht.
- An luach is fearr ar airgead ar earraí & ar sheirbhísí a lorg go gníomhach trí mhodhanna fála éifeachtacha agus comhoibritheacha.
- An tSamhail seachadta seirbhíse reatha a scrúdú agus a athchumrú chun éascú le socruithe seirbhíse roinnte agus an cumas do chomhdhlúthú feidhmeanna.

## Seirbhísí Corparáideacha

**Cuspóirí:**

**Seirbhís tacaíochta éifeachtach a sholáthar do na comhaltaí tofa agus don eagraíocht go ginearálta agus cuidiú le comhaltaí a sainordú daonlathach a chomhlíonadh.**
**A chinntiú go ndéanfar seirbhísí corparáideacha agus na tacaíochtaí a theastaíonn ón gComhairle a sheachadadh go héifeachtúil.**

**Tosaíochtaí:**

- Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar shócmhainní talamh/maoine na Comhairle chun cur an méid is féidir leis an luach don Chathair.
- An cumas chun dualgas an Aonaid Seirbhísí do Chustaiméirí a mheas agus cur an méid agus is féidir leis.
- Ár gcumas chun seirbhísí trí Gheilge a chur ar fáil a fheabhsú agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.
- Prótacal chun bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar chruinnithe na Comhairle a chomhaontú agus a fheidhmiú.
- A chinntiú go bhfuil éiteas sláinte & sábháilteachta i bhfeidhm go forleathan ar fud na heagraíochta.
- Freagraí cuí a chur in áit maidir leis na riachtanais d'athrú na heagraíochta.
- Socruithe cuí a dhéanamh chun ceiliúradh 100 a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca 1916.

## Acmhainní Daonna

**Cuspóir:**

**Cuidiú leis an bhfoireann agus iad a spreagadh a gcumas iomlán a fhorbairt mar fhostaithe lena mbaineann luach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.**
**An leas is mó is féidir a bhaint ar ár n-acmhainní foirne i gcomhthéacs ár dtimpeallacht atá ag athrú.**
**Oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí iomchuí go léir chun síocháin tionsclaíoch a choimeád agus chun a chinntiú go mbeidh seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí go leanúnach.**

**Tosaíochtaí:**

- Plean fórsa oibre lasmuigh áitiúil a ullmhú a bheidh oiriúnach do riachtanais na cathrach
- An córas athbhreithnithe do bhainistiú agus forbairt feidhmíochta a fheidhmiú
- An Scéim Geataí agus tionscnaimh eile den chineál céanna a bhainistiú agus a fheidhmiú
- An córas bainistithe ama agus tinrimh a fheidhmiú
- Tarmligean éifeachtach a chur chun cinn go leanúnach feadh na heagraíochta.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

**Cuspóir:**

**An úsáid is mó is féidir a bhaint as na buntáistí atá le Ríomhtheicneolaíocht chun a chinntiú go mbeidh seirbhís níos inrochtaine curtha ar fáil don phobal agus seirbhís faisnéise agus cumarsáide tacaíochta agus forbartha d'ardchaighdeán á chur ar fáil don fhoireann, do chomhaltaí tofa agus do Ranna seirbhíse na Comhairle.**

**Tosaíochtaí:**

- Córais a fhorbairt agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais teicniúla, faisnéise agus cumarsáide reatha na Comhairle agus na cinn amach anseo.
- Soláthar seirbhísí agus idirghníomhartha ar líne a fheabhsú
- Seachadadh sonraí d'ardchaighdeán agus lánpháirtiú teicneolaíochtaí gan uaim a dhaingniú
- Córas bainistithe cáipéisí nua a thabhairt isteach don eagraíocht

## FEIDHMIÚ, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Ceadaíodh an Plean Corparáideach an 8 Nollaig 2014. Soláthraítear leis an bPlean treo straitéiseach d'obair na Comhairle, agus feidhmeofar agus leanfar leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí atá ann trí na pleananna seachadta seirbhíse bliantúla, a bheidh ullmhaithe de réir fhorálacha an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 agus leagfar amach go mionsonrach na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh feadh na Ranna go léir agus feidhmeanna chun cuspóirí an phlean a sheachadadh. Feidhmeofar an plean seirbhíse bliantúil trí shraith pleananna gnó bliantúla do gach seirbhís, agus beidh siad sin ansin mar bhuneolais do na pleananna foirne do gach foireann seirbhíse, agus sannfar freagracht d'fheidhmiú na bpleananna sin ar fhoireann i ngach seirbhís. Cinnteofar ar an tslí sin go bhféadfar obair na mball foirne go léir a nascadh le comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa phlean seo.

Beidh an próiseas maidir le monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ngíomhartha a bheidh ag teastáil chun na cuspóirí a bhaint amach bunaithe ar úsáid táscairí feidhmíochtaí iomchuí. Beidh na táscairí sin bunaithe ar mheascán táscairí seirbhísí náisiúnta atá in úsáid faoi láthair i ngach údarás áitiúil, ar aon táscairí nua a thabharfaidh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta [NOAC] isteach agus ar tháscairí áitiúla a aithneoidh go cruinn agus go bailí leibhéil dul chun cinn agus feidhmíochta.

Athbhreithneofar an Plean de réir mar is gá chun cuntas a ghlacadh d'aon athrú suntasach sa timpeallacht a mbeadh dá le hathmheasúnú ar na tosaíochtaí straitéiseacha.